

Rialacha .eu um Réiteach Díospóide Malartach
(na “Rialacha ADR”)

Clár Ábhar

A GINEARÁLTA	1
1 Sainmhíithe	1
2 Cumarsáid agus Tréimhsí Ama	4
3 Teanga na nImeachtaí	7
4 Socrú nó Forais Eile le Foirceannadh	9
5 Imeachtaí Cúirte	10
6 Táillí	10
B SEOLADH NA nIMEACHTAÍ	12
1 An Gearán	12
2 Fógra faoin nGearán	17
3 An Freagra	19
4 Ceapachán an Phainéil agus Uainiú an Chinnidh	22
5 Neamhchlaontacht agus Neamhspleáchas	23
6 Tarchur an Chomhad chuig an bPainéal	24
7 Cumhachtaí Ginearálta an Phainéil	24
8 Ráitis bhreise	24
9 Éisteachtaí i bPearsa	25
10 Éagmais	25
11 An Bonn Leis an gCinneadh	25
12 An Chinnteoireacht agus Foirm na gCinntí	29
13 An Cinneadh a Chur in lúl do na Páirtithe	32
14 An Cinneadh a Chur i bhFeidhm	32
15 Iarratais ar Ainm a Fholú	32
C FORÁLACHA DEIRIDH	33
1 Eisiamh Dlíteanais	33
2 Leasuithe	33
3 Dáta Éifeachta	33

Déanfar imeachtaí malartacha um réiteach díospóide d'fhonn díospóidí a réiteach faoi Airteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/857 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2020 lena leagtar síos na prionsabail atá le cur san áireamh sa chonradh idir an Coimisiún Eorpach agus an Clár fearann barrleibhéil .eu i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/517 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 733/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Aibreán 2002 maidir leis an bhFearann Barrleibhéil .eu a chur chun feidhme agus a rialú, i.e. a rialú leis na Rialacha ADR seo agus le Rialacha ADR Forlíontacha an tSoláthraí a riarann an Imeacht ADR, a mhéid atá sé ar fáil agus postáilte ar a shuíomh gréasáin. Déanfar léirmhíniú agus cur i bhfeidhm na Rialacha ADR seo i bhfianaise chreat dlí an AE, a bheidh i réim i gcás coimhlínt a bheith ann.

A GINEARÁLTA

1 Sainmhínithe

Tá na Rialacha ADR seo infheidhme maidir le díospóidí ina faoi ainm fearainn sa chás gur cláraíodh an t-ainm fearainn faoin bhFearann Barrleibhéil .eu nó faoi leaganacha malartacha .eu féideartha i scrípteanna eile. Gach aon tagairt do .eu sna rialacha ADR seo agus sna Rialacha Nós Imeachta, is tagairt í do .eu sa script Laidine agus dá leaganacha malartacha i scrípteanna eile.

Laistigh de raon feidhme na Rialacha ADR:

Téarma	Sainmhíniú
ADR	ciallaíonn sé “réiteach malartach díospóide”
Am Comhdaithe	ciallaíonn sé an am ar leith a gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas: (a) Tá gearán nó iarratas chun teanga na hImeachtaí ADR a athrú comhdaithe i gceart leis an Soláthraí; agus (b) tá an táille chuí le haghaidh an Imeachta ADR faighte ag an Soláthraí.
Clárlann	ciallaíonn sé an t-eintiteas ar chuir an Coimisiún Eorpach de chúram air .eu a eagrú, a riar agus a bhainistiú faoi mar atá sé ainmnithe i gcomhréir leis an nós imeachta a bhunaítear in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2019/517.
Comhaontú Clárúcháin	ciallaíonn sé an comhaontú idir Cláraitheoir agus sealbhóir ainm fearainn.

Téarma	Sainmhíniú
Dlínse Frithpháirteach	<p>ciallaíonn sé dlínse cúirte ag suíomh ceachtar díobh seo:</p> <p>(a) príomhoifig an Chláraitheora (ar choinníoll go bhfuil an Freagróir tar éis a Chomhaontú Clárúcháin a chur faoi bhráid na dlínse sin le haghaidh breithniú cúirte ar dhíospóidí a bhaineann le húsáid an ainm fearainn nó a eascraíonn as úsáid an ainm fearainn, agus ar choinníoll go bhfuil an chúirt a ainmnítear amhlaidh lonnaithe Aontas Eorpach); nó</p> <p>(b) seoladh an Fhreagróra mar a léirítear é chun an ainm fearainn a chlárú i mbunachar sonraí WHOIS na Clárlainne ag an am a chuirtear an Gearán faoi bhráid an tSoláthraí, nó mar a fhaigheann an Gearánach ón gClárlann é sa chás nach bhfuil an fhaisnéis sin ar fáil i mbunachar sonraí WHOIS na Clárlainne; nó</p> <p>(c) príomhoifig na Clárlainne i gcás Imeachtaí ADR in aghaidh na Clárlainne. ^[1]</p>
Dáta Tosaigh Imeachta ADR	<p>ciallaíonn sé an dáta faoina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas go léir:</p> <p>(a) tá Gearán riaracháin comhlíontach comhdaithe i gceart leis an Soláthraí; agus</p> <p>(b) tá an táille chuí le haghaidh an Imeachta ADR íoctha.</p>
Freagra	<p>ciallaíonn sé an doiciméad (lena n-áirítear na hiarscríbhinní uile) a chomhdaíonn an Freagróir mar fhreagra ar na líomhaintí arna leagadh amach sa Ghearán de réir na Rialacha ADR seo agus na Rialacha ADR Forlíontacha.</p>
Freagróir	<p>ciallaíonn sé sealbhóir clárúcháin ainm fearainn .eu (nó oidhrí dlíthiúla an tsealbhóra nó an Chlárlann i gcás Imeachta ADR in aghaidh na Clárlainne) a bhfuil tús curtha le Gearán agus/nó iarratas chun teanga na hImeachtaí ADR a athrú ina leith.</p>
Gearán	<p>ciallaíonn sé an doiciméad (lena n-áirítear na hiarscríbhinní uile) arna ullmhú ag an nGearánach chun cúis chaingne a thionscnamh faoin Imeacht ADR.</p>

Téarma	Sainmhíniú
Gearánach	ciallaíonn sé an Páirtí a thionscnaíonn Gearán maidir le clárú ainm fearainn .eu nó a iarrann ar athrú maidir le teanga an Imeachta ADR.
Imeacht ADR	ciallaíonn sé imeacht arna thionscain de réir na Rialacha Nós Imeachta.
Painéal	ciallaíonn sé painéal ADR arna cheapadh ag Soláthraí chun cinneadh a dhéanamh ar Ghearán maidir le clárú ainm fearainn .eu.
Painéalaí	ciallaíonn sé duine aonair arna cheapadh ag Soláthraí le bheith ina chomhalta de Phainéal.
Páirtí	ciallaíonn sé Gearánach nó Freagróir; ciallaíonn Páirtithe an Gearánach agus an Freagróir araon.
Registrar	ciallaíonn sé eintiteas ag a bhfuil ainm fearainn aige is ábhar do Ghearán cláraithe ag an bhFreagróir.
Rialacha ADR Forlíontacha	ciallaíonn sé na rialacha arna nglacadh ag an Soláthraí a riarann Imeachtaí ADR chun na Rialacha ADR seo a fhorlíonadh.
Rialacha Nós Imeachta	ciallaíonn sé na Rialacha ADR seo, Rialacha ADR Forlíontacha an tSoláthraí agus Rialacháin an Aontais Eorpaigh. I gcás easaontais idir aon cheann de na rialacha seo, beidh tosaíocht ag Rialacháin an Aontais Eorpaigh.
Rialacháin an Aontais Eorpaigh	tagraíonn siad do Rialachán (AE) 2019/517 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 maidir le hainm fearainn barrleibhéil .eu a chur chun feidhme agus a fheidhmiú agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 733/2002 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. (CE) Uimh. 874/2004 ^[2] , Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/857 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2020 lena leagtar síos na prionsabail atá le cur san áireamh sa chonradh idir an Coimisiún Eorpach agus an Clár fearann barrleibhéil .eu i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/517 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ^[3] agus aon rialachán nó rialacháin eile a chuirtear in ionad na rialacha agus na prionsabail sin, nó lena leasaítear nó lena bhforlíontar iad.
Sealbhóir Ainm Fearainn	ciallaíonn sé duine dlítheanach nó nádúrtha a shealbhaíonn clárú gníomhachtaithe ainm fearainn .eu.

Téarma	Sainmhíniú
Soláthraí	ciallaíonn sé soláthraí seirbhíse um réiteach díospóide arna roghnú ag an gClárlann.
Téarmaí agus Coinníollacha	ciallaíonn sé na Téarmaí agus Coinníollacha le haghaidh Ainmneacha Fearainn .eu, .euo and .eu arna n-eisiúint ag an gClárlann.

2 Cumarsáid agus Tréimhsí Ama

- (a) Nuair a bheidh Gearán á chur ar aghaidh chuig an bhFreagróir, beidh sé de fhreagracht ar an Soláthraí úsáid a bhaint as na modhanna atá ar fáil le réasún a bhfuiltear ag súil leo fógra iarbhír don Fhreagróir a chur i gcrích.
- (b) Comhlíonfaidh an Soláthraí a oibleagáid fógra iarbhír a chur i gcrích ach (i) an Gearán, nó fógra le faisnéis a shonraíonn conas rochtain a fháil ar an nGearán (m.sh. chun críche ardán ar líne arna oibriú ag an Soláthraí), a sheoladh chuig an bhFreagróir, ag baint úsáid as an mbealach a shonraítear i (c) thíos chuig an seoladh a chuir an Clárlann in iúl don Soláthraí mar shealbhóir ainm fearainn cláraithe, nó chuig suíomh na Clárlainne i gcás Gearán i gcoinne chinneadh na Clárlainne; agus (ii) mura ndeimhníonn an Freagróir go bhfuarthas an chumarsáid leictreonach a rinneadh de bhun (i) thuas laistigh de chúig (5) lá tar éis an chumarsáid a sheoladh, tríd an bhfógra thuasluaite a chur ar aghaidh mar aon le faisnéis faoin gcaoi ar féidir rochtain a fháil ar an nGearán sa phost cláraithe nó trí sheirbhís cúiréireachta, agus an postas réamhíoctha agus admháil seolta ar ais iarrtha, chuig an seoladh/na seoltaí atá sonraithe in (i) thuas.

- (c) Mura sonraítear a mhalairt sna Rialacha ADR seo, déanfar aon chumarsáid scríofa chuig an nGearánach, chuig an bhFreagróir nó chuig an Soláthraí dá bhforáiltear faoi na Rialacha ADR seo sa bhealach is fearr de réir mar a bheidh sonraithe ag an nGearánach nó an Freagróir, faoi seach, nó in éagmais sonraíochta den sórt sin:
- (1) go leictreonach, tríd an Idirlíon, ar choinníoll go bhfuil taifead ar an tarchur ar fáil; nó
 - (2) trí tharchur teileachóipe nó facs, agus deimhniú den tarchuir a bheith ar fáil; nó
 - (3) trí sheirbhís phoist nó chúireireachta chláraithe, agus an postas réamhíochta agus admháil fillte iarrtha.
- (d) Féadfaidh ceachtar páirtí a shonraí teagmhála a nuashonrú trí fhógra a thabhairt don Soláthraí agus don Chlárlann.
- (e) Ach amháin mar a shonraítear a mhalairt leis na Rialacha ADR seo, measfar gach cumarsáid dá bhforáiltear faoi na Rialacha ADR seo a bheith faighte, de réir na forála seo:
- (1) más tríd an Idirlíon a ndéantar an chumarsáid, ar an dáta a tarchuireadh an chumarsáid, ar choinníoll go bhfuil dáta an tarchuir infhíoraithe; nó
 - (2) más le tarchur facs a rinneadh é, ar an dáta a thaispeántar ar dheimhniú an tarchuir; nó
 - (3) más trí sheirbhís phoist chláraithe nó trí sheirbhís chúireireachta chláraithe a dhéantar an chumarsáid, ar an dáta atá sonraithe ar an admháil nó, murar féidir an chumarsáid a sheachadadh ar an mbealach seo, ar dhul in éag dhá lá dhéag (12) ón am ar aistríodh an chumarsáid chuig soláthraí seirbhíse poist nó cúireireachta.
- (f) Beidh sé de fhreagracht ar an seoltóir taifid a choinneáil ar fhíoras agus ar imthosca an tseachadta, a choinneofar ar fáil lena n-íniúchadh ag an Soláthraí agus chun críocha tuairiscithe.

- (g) Measfar gur taifid bhailí é loga córais de theachtaireachtaí sonraí an tSoláthraí in éagmais aon fhianaise ar mhífheidhmiú chóras an tSoláthraí.
- (h) Ach amháin mar a shonraítear a mhalairt leis na Rialacha ADR seo, tosaíonn gach tréimhse ama a ríomhtar faoi na Rialacha ADR seo ar an dáta is luaithe a meastar go ndearnadh an chumarsáid de réir Alt A2(e).
- (i) Ar iarratas ó Pháirtí a chomhdaítear roimh dheireadh na tréimhse/tréimhsí ama ábhartha, féadfaidh an Soláthraí agus, tar éis a cheapacháin, an Painéal, dá rogha féin amháin, an tréimhse/na tréimhsí ama atá leagtha síos sna Rialacha ADR seo a shíneadh, ar rialacha iad a bhfuil feidhm acu maidir leis na Páirtithe in imthosca eisceachtúla tar éis don dá pháirtí teacht ar chomhaontú. Déanfaidh an Soláthraí agus, tar éis dó a bheith ceaptha, an Painéal, cinneadh a dhéanamh maidir le haon tréimhse sínte teoranta den sórt sin.
- (j) Ní fhéadfaidh aon Pháirtí nó aon duine a ghníomhaíonn ar a shon gabháil d'aon chumarsáid aontaobhach leis an bPainéal. Déanfar gach cumarsáid idir Páirtí, ar thaobh amháin, agus an Painéal nó an Soláthraí, ar an taobh eile, le riarthóir cásanna arna cheapadh ag an Soláthraí ar na modhanna agus ar an mbealach a fhorordaítear i Rialacha Forlíontacha ADR an tSoláthraí.
- (k) Aon chumarsáid in Imeacht ADR arna thionscnamh ag:
- (1) Painéal chuig Páirtí, is tríd an Soláthraí a dhéanfar í;
 - (2) Páirtí, is tríd an Soláthraí a dhéanfar í;
 - (3) an Soláthraí chuig aon Pháirtí nó ag Páirtí tar éis Dáta Tosaithe Imeacht ADR, déanfaidh an Soláthraí cóip de a chur chuig an bPáirtí eile agus chuig an bPainéal.
- (l) I gcás go bhfaigheann Páirtí a sheolann cumarsáid fógra maidir le neamhsheachadadh na cumarsáide, tabharfaidh an Páirtí fógra go pras don Soláthraí maidir le himthosca an fhógra.

3 Teanga na hImeachtaí

- (a) Ní mór gur cheann de theangacha oifigiúla an AE í teanga na hImeachtaí ADR. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, nó mura sonraítear a mhalairt sa Chomhaontú Clárúcháin, is í teanga na hImeachta ADR teanga an Chomhaontaithe Clárúcháin le haghaidh an ainm fearainn atá faoi dhíospóid. In éagmais comhaontú a bheith ann idir na Páirtithe, féadfaidh an Painéal, dá rogha féin amháin, ag féachaint d'imthosca na hImeachta ADR, cinneadh a dhéanamh ar iarratas i scríbhinn ó Ghearánaí, arna chomhdú roimh dó Gearán a thionscnamh, nach ionann teanga an Imeachta ADR agus teanga an Chomhaontaithe Clárúcháin don ainm fearainn atá faoi dhíospóid.

(b) Is mar seo a leanas a bheidh an nós imeachta a bhaineann leis an iarraidh ar athrú ar theanga na hImeachtaí ADR:

(1) Cuirfear an iarraidh faoi bhráid an tSoláthraí agus déanfar:

- (i) an fhaisnéis a shonrú ann faoi Mhíreanna B1(b)(2), (b)(3), (b)(5), (b)(6) agus (b)(7) de na Rialacha ADR;
- (ii) a shonrú ann an t-athrú ar theanga an Imeachta ADR mar a iarradh;
- (ii) na himthosca a thugann bonn cirt le hathrú ar theanga na hImeachtaí ADR den sórt sin a shonrú ann;
- (iv) é a thabhairt chun conclúid leis an ráiteas faoi B1(b)(15) de na Rialacha ADR.

(2) Admhóidh an Soláthraí go bhfuarthas an t-iarratas ón nGearánach, faoi réir na dtáillí atá dlite anseo thíos a fháil, agus, más infheidhme, cuirfidh sé an Clárann ar an eolas maidir leis an Am Comhdaithe de réir B1(e) de na Rialacha ADR, a mbeidh na hiarmhairtí céanna agus atá faoi B1(e) de na Rialacha ADR ag gabháil leis.

(3) Cuirfidh an Soláthraí an Freagróir ar an eolas faoin iarratas chun teanga na hImeachta ADR a athrú laistigh de chúig (5) lá tar éis na táillí iníoctha thíos a fháil.

(4) Beidh sé de cheart ag an bhFreagróir freagra a chur faoi bhráid an tSoláthraí laistigh de dhá lá dhéag (12) ó dháta an fhógra faoin iarratas chun teanga na hImeachtaí ADR a athrú.

(5) Admhóidh an Soláthraí go bhfuair sé an freagra ón bhFreagróir agus ceapfaidh sé Painéal aonair chun an iarraidh a chinneadh. Tá feidhm ag mír B5 dá réir sin.

- (6) Eiseoidh an Painéal cinneadh cibé an gceadófar nó nach gceadófar an t-athrú ar theanga na hImeachta ADR mar a iarradh é laistigh de dhá lá dhéag (12) ón dáta ar ar ceapadh é. Beidh cinneadh an Phainéil críochnaitheach agus ní bheidh sé faoi réir achomhairc. Cuirfear an cinneadh in iúl do na Páirtithe gan mhoill.
- (7) Má chomhdaíonn an Gearánach an Gearán laistigh de thríocha (30) lá tar éis dó an cinneadh faoi (b)(6) thuas a fháil, beidh feidhm ag Am Comhdaithe na hiarrata ar theanga na hImeachtaí ADR a athrú maidir leis an nGearán, ar choinníoll go n-íoctar an táille chuí.
- (c) Déanfar gach doiciméad, lena n-áirítear cumarsáid a rinneadh mar chuid den Imeacht ADR, i dteanga an Imeachta ADR nó sa teanga iarrtha má chruthaíonn an Gearánach ina aighneacht go bhfuil eolas leordhóthanach ag an bhFreagróir ar an teanga sin. D'ainneoin aon mhír den méid atá luaite thuas, féadfaidh an Painéal a iarraidh go n-aistreofaí aon doiciméad a chuirtear isteach i dteangacha eile seachas teanga na hImeachtaí ADR. Féadfaidh an Painéal neamhaird a dhéanamh ar dhoiciméid a chuirtear isteach i dteangacha eile seachas teanga na hImeachta ADR gan aistriúchán díobh a iarraidh. Déanfar aon chumarsáid ón Soláthraí nach féidir é a mheas, de réir an ábhair atá ann, mar dhoiciméid nós imeachta (amhail litreacha clúdaigh lena seolann an Soláthraí doiciméid nós imeachta nó fógraí córais uathoibríocha ginte ag iarratas an tSoláthraí) i dteanga an ADR nó i mBéarla.
- (d) Féadfaidh an Soláthraí agus, tar éis dó a bheith chomhdhéanta, an Painéal, ar a thionscnamh féin nó ar iarratas ó Pháirtí, a ordú go mbeidh aistriúchán go hiomlán nó go páirteach sa teanga ag gabháil le haon doiciméid a thóilactar i dteangacha eile seachas teanga na hImeachtaí ADR.

4 Socrú nó Forais Eile le Foirceannadh

- (a) Tuigfear go dtabharfar an Imeachtaí ADR i gcrích a luaithe a bheidh deimhniú faighte ag an bPainéal ón dá Pháirtí go bhfuil comhaontú déanta ag na Páirtithe maidir le hábhar na díospóide.

- (b) Más mian leis na Páirtithe socraíocht a chaibidlíú, féadfaidh an Gearánach iarradh ar an Soláthraí nó, tar éis a chomhdhéanamh, ar an bPainéal an Imeachtaí ADR a chur ar fionraí ar feadh tréimhse teoranta. Féadfaidh an Painéal an tréimhse fionraíochta a fhadú ar iarratas ón nGearánach. Beidh aon fhionraí den sórt sin gan dochar don oibleagáid atá ar an bPainéal a chinneadh ar an nGearán a chur ar aghaidh chuig an Soláthraí laistigh den tréimhse ama a shonraítear in Alt B12(b) thíos. Cuirfear tús le hath-tosach an Imeacht ADR go huathoibríoch nuair a fhaightear iarratas chuige sin ón bhFreagróir nó ón nGearánach nó nuair a rachaidh an tréimhse ama teoranta agus sonraithe in éag.
- (c) Déanfaidh an Painéal an Imeacht ADR a fhoirceannadh má thagann sé ar an eolas go bhfuil cinneadh críochnaitheach ag cúirt dlínse inniúla nó ag comhlacht um réiteach malartach díospóide ar an díospóid is ábhar don Ghearán.
- (d) Déanfaidh an Painéal aon Imeachtaí ADR/Imeachtaí ADR a chur ar fionraí de bhun Alt B1(f), B2(e) agus B3(d) thíos.

5 Imeachtaí Cúirte

Ní dhéanfaidh aon imeacht cúirte, faoi réir Alt A4(c) thuas, dochar do sheoladh na hImeachta ADR.

6 Táillí

- (a) Íocfaidh an Gearánach táille sheasta tosaigh leis an Soláthraí, de réir na Rialacha ADR Forlíontacha. Go dtí go mbeidh an táille tosaigh seo faighte ag an Soláthraí, ní bheidh aon oibleagáid air aon bheart a dhéanamh i dtacar leis an nGearán. Mura bhfuil an táille faighte ag an Soláthraí laistigh de dheich (10) lá ó dháta fógra na dtáillí neamhíoctha, measfar an Gearán a bheith aistarraingthe agus an Imeachtaí ADR curtha ar ceal.
- (b) Déanfaidh gearánach a thionscnaíonn iarratas chun teanga an Imeachta ADR a athrú faoi Alt A3 thuas nó a thionscnaíonn agóid i gcoinne tarraingt siar an Ghearáin mar gheall ar a easnamh riaracháin faoi Alt B2(c) thíos, táillí ar leith a íoc leis an Soláthraí de réir na Rialacha ADR Forlíontacha. Mura bhfuil an táille faighte ag an Soláthraí laistigh de chúig (5) lá ó dháta fógra na dtáillí neamhíoctha, measfar an t-iarratas a bheith tarraingthe siar.

- (c) Aon Fhreagróir a roghnaíonn faoi Mhír B3(b)(4) go gcinnfidh Painéal de thriúr comhalta ar an díospóid, seachas ag Painéal aonchomhalta mar a roghnaíonn an Gearánach, íocfaidh sé leis an Soláthraí táille bhreise a shonrófar sna Rialacha ADR Forlíontacha. I ngach cás eile, iompróidh an Gearánach táillí uile an tSoláthraí.

- (d) In imthosca eisceachtúla (mar shampla, i gcás go dtionólfar éisteacht go pearsanta) iarrfaidh an Soláthraí go n-íocfaidh an Páirtí nó na Páirtithe a iarrann imeacht den sórt sin, faoi seach, táillí breise, a leagfar amach i gcomhairle leis an bPainéal tar éis dó a bheith comhdhéanta roimh aon éisteacht den sórt sin a sceidealú.

- (e) Faoi réir Alt B1(f) thíos, níl táillí íoctha inaisíoctha.

B SEOLADH NA nIMEACHTAÍ

1 An Gearán

- (a) Féadfaidh aon duine nó aonán Imeacht ADR a thionscnamh trí Ghearán a chur faoi bhráid aon Soláthraí de réir na Rialacha Níos Imeachta. Féadfar gearán a chomhdú:
- (1) i gcoinne Sealbhóir Ainm Fearainn a bhfuil an Gearán tionscanta i gcoinne a ainm fearainn; nó
 - (2) in aghaidh Clárlainne.

Chun amhras a sheachaint, go dtí go mbeidh an t-ainm fearainn a bhfuil an Gearán tionscanta ina leith cláraithe agus curtha i ngníomh, ní fhéadfaidh Páirtí Imeachtaí ADR a thionscnamh ach amháin i gcoinne na Clárlainne.

- (b) Déanfaidh an Gearánach:
- (1) Iarratas go gcuirfí an Gearán isteach le haghaidh cinnidh in Imeacht ADR de réir na Rialacha Níos Imeachta;
 - (2) Ainm, seoltaí poist agus ríomhphoist agus uimhreacha teileafóin agus facs an Ghearánaigh agus ionadaí ar bith atá údaraithe chun gníomhú ar son an Ghearánaigh san Imeachtaí ADR a sholáthar;
 - (3) An modh cumarsáide is fearr a shonrú a dhíreofar chuig an nGearánach san Imeacht ADR (lena n-áirítear an duine a ndéanfar teagmháil leis, modhanna cumarsáide agus faisnéis seolta);

- (4) A shonrú cibé an roghnaíonn an Gearánach go ndéanfaidh Painéal aonchomhalta nó trí chomhalta an t-aighneas a chinneadh agus, sa chás go roghnaíonn an Gearánach Painéal de thriúr comhalta é a dhéanamh, soláthróidh sé ainmneacha triúr iarrthóirí chun fónamh mar dhuine de na painéil (féadfar na hiarrthóirí seo a roghnú ó liosta painéalaithe an tSoláthraí a dhéileálann leis na himeachtaí). Chomh fada agus is féidir, níor cheart baint a bheith ag na hiarrthóirí sin le trí (3) bliana anuas in aon Imeachtaí ADR roimhe sin ina raibh an Gearánach ina Pháirtí;
- (5) Ainm an Fhreagróra a chur ar fáil agus, i gcás Imeachta ADR i gcoinne Sealbhóir Ainm Fearainn, gach faisnéis a chur ar fáil (lena n-áirítear aon seoltaí poist agus ríomhphoist agus uimhreacha gutháin agus facs) atá ar eolas ag an nGearánach, ag mionsonrú na modhanna teagmhála chun teagmháil a dhéanamh leis an bhFreagróir nó ionadaí ar bith de chuid an Fhreagróra, lena n-áirítear faisnéis teagmhála bunaithe ar dhéileálacha réamh-Ghearáin, sonraí leordhóthanacha chun ligean don Soláthraí an Gearán a sheoladh chuig an bhFreagróir mar a thuairiscítear in Alt A2(a);
- (6) An t-ainm/na hainmneacha fearainn is ábhar an Ghearáin é/iad;
- (7) An Cláraitheoir/na Cláraitheoirí a bhfuil an t-ainm fearainn/na hainmneacha fearainn cláraithe leis/léi ag an am a chomhdaítear an Gearán a shainithint (neamhbhainteach maidir le Gearáin a comhdaíodh i gcoinne chinneadh(chinntí) na Clárlainne sular cláraíodh an t-ainm fearainn atá faoi dhíospóid);
- (8) Má dhéantar an Gearán a chomhdú i gcoinne chinneadh(chinntí) na Clárlainne, sainaithin an cinneadh/na cinntí Clárlainne atá faoi dhíospóid;
- (9) Na hainmneacha a shonrú a bhfuil ceart aitheanta nó bunaithe ag dlí náisiúnta Ballstáit agus/nó dlí an Aontais Eorpaigh ina leith. I gcás gach ainm den sórt sin, cur síos cruinn beacht a dhéanamh ar an gcineál ceart nó ar na cearta a éilítear, agus an dlí nó na dlíthe, chomh maith leis na coinníollacha faoina n-aithnítear agus/nó faoina mbunaítear an ceart (e.g. cóipcheart, trádmarcanna agus tásca geografacha arna soláthar sa dlí náisiúnta nó i ndlí an Aontais Eorpaigh, agus, a mhéid a chosnaítear iad faoin dlí náisiúnta sna Ballstáit ina sealbhaítear iad: trádmarcanna neamhchláraithe, trádainmneacha, aitheantóirí gnó, ainmneacha cuideachtaí, ainmneacha teaghlaiigh agus teidil shainiúla saothar liteartha agus ealaíne faoi chosaint);

- (10) Cur síos a dhéanamh, de réir na Rialacha ADR seo, ar na forais ar a ndéantar an Gearán, lena n-áirítear, go háirithe:
- (i) I gcás Imeachta ADR i gcoinne Sealbhóir Ainm Fearainn a bhfuil an Gearán tionscanta i gcoinne a ainm fearainn:
 - A. an fáth a bhfuil an t-ainm fearainn comhionann nó cosúil go mearbhallach leis an ainm nó na hainmneacha a n-aithnítear nó a bhunaítear ceart nó cearta ina leith le dlí náisiúnta agus/nó dlí an Aontais Eorpaigh (mar atá sonraithe agus tuairiscithe i gcomhréir le mír B1(b)(9)); agus
 - B. an fáth a bhfuil an t-ainm fearainn cláraithe ag a shealbhóir gan cearta ná leasanna dlisteanacha i leith an ainm fearainn is ábhar don Ghearán; nó
 - C. an fáth ar cheart a bhreith go bhfuil an t-ainm fearainn cláraithe nó á úsáid de mheon mímhacánta.
 - (ii) I gcás Imeachta ADR i gcoinne na Clárlainne, na cúiseanna go dtagann cinneadh a dhéanann an Chlárlann salach ar Rialacháin an Aontais Eorpaigh.
- (11) A shonrú, de réir na Rialacha ADR seo, na réitigh atá á lorg (féach Alt B11(b) agus (c) thíos);
- (12) Má iarrann an Gearánach an t-ainm fearainn a aistriú, fianaise go gcomhlíonann an Gearánach na critéir incháilitheachta ghinearálta le haghaidh clárúcháin a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2019/517 a chur ar fáil;
- (13) Aon imeachtaí dlí eile ar cuireadh tús leo nó ar cuireadh deireadh leo a shainaithint i dtaca le, nó a bhaineann le, aon cheann de na hainmneacha fearainn is ábhar an Ghearáin;

- (14) A lua go ndéanfaidh an Gearánach, maidir le haon dúshláin i gcoinne cinneadh sna hImeachtaí ADR ina ndéantar an t-ainm fearainn a chúlghairm nó a aistriú, aighneacht a dhéanamh i ndlínse na gCúirteanna in ar a laghad aon Dhlínse Frithpháirteach sonraithe amháin faoi réir Alt A1;
- (15) Conclúid a dhéanamh ina luafar an ráiteas seo a leanas, agus síniú an Ghearánaigh nó a ionadaí údaraithe ina dhiaidh sin (i gcás comhdaithe leictreonach ní mór don síniú ceanglais ardán ar líne an tSoláthraí a chomhlíonadh):

“Barántaíonn an gearánach gur iomlán agus gur cruinn an fhaisnéis go léir a chuirtear ar fáil thíos.

Aontaíonn an Gearánach le próiseáil a sonraí pearsanta ag an Soláthraí a mhéid is gá chun freagrachtaí an tSoláthraí thíos a chomhlíonadh go cuí.

Aontaíonn an Gearánach freisin le foilsiú an chinnidh iomláin (lena n-áirítear sonraí pearsanta atá sa chinneadh) a eisíodh san Imeacht ADR arna thionscnamh ag an nGearán seo i dteanga na hImeachtaí ADR agus in aistriúchán Béarla neamhoifigiúil atá urraithe ag an Soláthraí.

Comhaontaíonn an Gearánach freisin gur i gcoinne shealbhóir an ainm fearainn amháin a bheidh a chuid éileamh agus leigheasanna maidir le clárú an ainm fearainn, an díospóid nó réiteach na díospóide agus go dtarscaoileann sé leis seo gach éileamh agus leigheas i gcoinne:

(i) an Soláthraí, chomh maith lena stiúrthóirí, a oifigigh, a fhostaithe, a chomhairleoirí agus a ghníomhairí, ach amháin i gcás éagóracha d’aon ghnó”;

(ii) painéalaithe, ach amháin i gcás éagóir d’aon ghnó;

(iii) an Cláraitheoir, ach amháin i gcás éagóir d’aon ghnó; agus

(iv) an Clárlann, chomh maith lena stiúrthóirí, a oifigigh, a fhostaithe, a chomhairleoirí agus a ghníomhairí, ach amháin i gcás éagóracha d’aon ghnó.”;

- (16) Aon fhianaise dhoiciméadach nó eile a cheangail, lena n-áirítear aon fhianaise maidir leis na cearta ar a bhfuil an Gearán ag brath, mar aon le sceideal ag innéacsú na fianaise sin.
- (17) Foirmeacha ar bith a áireamh atá leagtha síos sna Rialacha ADR Forlíontacha agus cloí le haon cheanglais fhoirmiúla atá sna Rialacha ADR Forlíontacha, lena n-áirítear aon teorainn focal.
- (c) Féadfaidh baint a bheith ag an nGearán le níos mó ná ainm fearainn amháin, ar choinníoll gurb ionann na Páirtithe agus teanga na nImeachtaí ADR.
- (d) Admhóidh an Soláthraí go bhfuair sé an Gearán ón nGearánach, faoi réir na dtáillí thuas a fháil.
- (e) A luaithe is indéanta tar éis Tráth an Chomhdaithe, ach in aon chás tráth nach déanaí ná cúig (5) lá ó dháta an Chomhdaithe agus sula dtabharfar fógra don Fhreagróir de bhun Airteagal B2 thíos, cuirfidh an Soláthraí an Clárlann ar an eolas maidir le céannacht an Ghearánaigh agus an t-ainm/ na hainmneacha fearainn atá i gceist. Nuair a fhaigheann an Chlárlann faisnéis ón Soláthraí, cuirfidh an Chlárlann bac ar an ainm fearainn atá faoi dhíospóid (stádas ar feitheamh) de bhun Théarmaí agus Coinníollacha Clárúcháin Ainm Fearainn .eu.
- (f) Déanfar aon Imeachtaí ADR i gcoinne Sealbhóir Ainm Fearainn a bhfuil Am Comhdaithe níos déanaí ag gabháil leis maidir leis an t-ainm/ na hainmneacha fearainn céanna a chur ar fionraí go dtí go mbeidh toradh na hImeachta ADR arna thionscnamh ag an nGearán faoin Tráth Comhdaithe is luaithe. Má chinneann an Painéal san Imeachtaí ADR na réitigh a iarrtar a dheonú don Ghearánach, cuirfear deireadh le gach Imeacht ADR a cuireadh ar fionraí agus aisíocfar aon táillí a íocadh. Má dhiúltaíonn an Painéal don Ghearán sna hImeachtaí ADR, gníomhachtóidh an Soláthraí an Gearán taobh istigh den Tráth Comhdaithe. Cuirfidh an Soláthraí fógra i scríbhinn don Ghearánach / do na Gearánaigh faoi seach maidir le foirceannadh, gníomhachtú nó fionraíocht leanúnach a Gheará(i)n laistigh de chúig (5) lá ó dháta eisiúna chinneadh an Phainéil a bhaineann leis an nGearán a ndearnadh roimhe seo.

- (g) Sa chás go dtionscnaítear Imeacht ADR i gcoinne na Clárlainne le hAm Comhdaithe níos déanaí ná aon Imeacht ADR eile i gcoinne na Clárlainne maidir leis an gcinneadh céanna a rinne an Chlárlann, déanfaidh an Imeachta ADR i gcoinne na Clárlainne le hAga Comhdaithe níos déanaí. a fhoirceannadh agus aon táillí a íocadh a aisíoc.
- (h) Ní choisceann aon cheann de na nithe thuas in Alt 15(i) go (iv) ar an nGearánach Imeachtaí ADR a thionscnamh i gcoinne na Clárlainne i gcás nach ndéanann cinneadh a dhéanann an Chlárlann Rialacháin an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh.
- (i) I gcás Imeachta ADR i gcoinne na Clárlainne, ní mór aon iarratas ó Ghearánaí ar dhoiciméid nó ar fhaisnéis eile a bhaineann le cinneadh na Clárlainne a ndéantar agóid ina leith san Imeachtaí ADR a dhéanamh go díreach chuig an gClárlann.

2 Fógra faoin nGearán

- (a) Déanfaidh an Soláthraí athbhreithniú ar an nGearán maidir le comhlíonadh riaracháin na Rialacha Níos Imeachta agus le hAirteagal 3 de Rialachán (AE) 2019/517 agus, má chinntear go bhfuil sé comhlíontach, cuirfidh sé an Gearán ar aghaidh (mar aon leis an mbileog chlúdaigh mhíniúcháin atá forordaithe i Rialacha ADR Forlíontacha an tSoláthraí) chuig an bhFhreagróir, ar an modh a fhorordaítear le hAilt A2(a) agus A2(b), laistigh de chúig (5) lá ó fháil na dtáillí is iníoctha ag an nGearánach de réir Alt A6.
